Polasaí na Socruithe Iontrála do Rang Speisialta Choláiste an Phiarsaigh;

Bunaíodh Rang Speisialta i gColáiste an Phiarsaigh, chun freastal ar dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais le hUathacahs nó le Neamhord de chuid Speictream an Uathachais. Ní ghlacfar ach le hiarratais maidir le daltaí a bhfuil riachtanais laistigh den chatagóir riachtanais speisialta oideachais a chuimsítear sa Rang Speisialta á mbreithniú. Sa chaoi seo, éilíonn an scoil go mbeadh riachtanais an dalta deimhnithe i dtuairisc ábhartha a ullmhaíodh laistigh de 24 mhí díreach roimh iarratas an dalta don Rang Speisialta.

I gcás nach bhfuil an Rang Speisialta i gColáiste an Phiarsaigh ró-shuibscríofa, cuirfear áit ar fáil sa Rang Speisialta do gach dalta a bhfuil riachtanais laistigh den chatagóir riachtanas oideachais speisialta a chuimsítear sa Rang Speisialta, de réir mar a dhearbhaíonn an CNOS [An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta]

Ró-shuibscríobh; Nuair a sharaíonn líon na n-iarratas líon na n-áiteanna atá ar fáil, tiocfaidh an critéir roghnúcháin atá leagtha amach thíos i bhfeidhm agus cuirfear liosta feithimh le chéile a bheidh bailí don bhliain scoile amháin lena mbaineann na hiarratais.

Má bhíonn Coláiste an Phiarsaigh in ann tuilleadh áiteanna a thairiscint a cuirtear ar fáil sa Rang Speisialta don bhliain acadúil agus lena linn, cuirfear na háiteanna ar fáil de réir an ord tosaíochta ina bhfuil Mic Léinn curtha ar an liosta feithimh, faoi réir go bhfuil áit ar fáil sa bhliainghrúpa príomhshrutha. Mura bhfuil áit ar fáil sa bhliainghrúpa ábhartha, beidh an chéad duine eile ar an liosta feithimh don Rang Speisialta á mheas don áit i gceist, ach ní athróidh sé seo áit thosaigh an dalta ar an liosta feithimh don Rang Speisialta don chuid eile den bhliain scoile sin, sé sin, dá mbeadh áit eile ar fáil sa Rang Speisialta i rith na bliana scoile sin, bheadh áit thosaigh an dalta ag barr an liosta feithimh á cur san áireamh ar dtús, ach arís, faoi réir go mbeadh áit ar fáil sa bhliainghrúpa ábhartha don dalta sin. Mar sholéiriú, má thagann áit ar fáil i mbliainghrúpa príomhshrutha, sula dtugtar tairiscint ar áit do dhalta atá ar an liosta feithimh don bhliainghrúpa, déanfar athbhreithniú ar an liosta feithimh don Rang Speisialta. Má tá áit ar fáil sa Rang Speisialta agus má tá dalta ar an liosta feithimh a d'fhéadfadh glacadh leis an áit sin mar go bhfuil áit ar fáil sa bhliainghrúpa príomhshrutha, tairgfear áit don dalta sa Rang Speisialta [dá réir sin, bainfear an áit sin sa bhliainghrúpa príomhshrutha]

Déanfar é seo ar mhaithe le cinntiú nach mbíonn na hacmhainní ganna an Ranga Speisialta tearcúsáidte riamh. Le haon amhras a sheachaint, más rud é nach bhfaigheann dalta áit sa Rang Speisialta don bhliain acadúil, ach más mian leis/léi go gcuirfí san áireamh é/í le haghaidh iontrála sa Rang Speisialta don bliain acadúil dár gcionn, ní mór iarratas nua a dhéanamh ar son an dalta sin i rith na tréimhse a shonróidh an scoil mar an tréimhse ina nglacfar le hiarratais don Rang Speisialta.

I gcás go bhfuil an scoil thar a cionn le hiarratais, ní dhéanfar aon chritéir roghnúcháin nach bhfuil san áireamh sa pholasaí iontrála seo a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh faoi cé acu a ligfear nó nach ligfear dalta isteach sa scoil. Ní bhreathnófar ar iarratais don Rang Speisialta ach amháin má thiteann riachtanais oideachais speisialta an dalta laistigh den chatagóir shonraithe atá clúdaithe ag an rang seo.

Faoi réir an riachtanais seo, i gcás go mbeidh ró-shuibscríobh, cuirfear na critéir seo a leanas i bhfeidhm maidir le hiontráil sa Rang Speisialta:

An Critéir Roghnúcháin;

Seo a leanas na coinníollacha iontrála a chuirfear i bhfeidhm sa chás go bhfuil ró-éileamh ar áiteanna don Rang Speisialta;

1. Scoláirí a bhfuil deartháir [eacha] / deirfiúr [acha] sa scoil chéanna féin acu.
2. Má bhí siblíní leis an dalta cláraithe sa scoil roimhe seo.
3. Má tá tuismitheoir nó caomhnóir an dalta fostaithe sa scoil faoi láthair.
4. Má d'fhreastal tuismitheoir leis an dalta ar an scoil [Go huasmhéid 25% de na háiteanna atá ar fáil]
5. Go bhfuil freastal déanta acu ar Ghaelscoil nó ar bhunscoil a thacaíonn linn go bliantúil.
6. Más é nó í an duine is sine sa chlann.

Tá leanaí agus daoine óga incháilithe chun rollú i rang speisialta nuair a chuirtear an méid seo a leanas ar fáil mar thaca le hiarratas dá leithéid:

Tuarascáil ghairmiúil (turasascálacha gairmiúla) ina leagtar amach:

- Diagnóis ar riachtanais speisialta oideachais (m.sh. Uathachas: DSM IV/V nó ICD 10/11 (siceolaí, síciatraí, tuarascáil ildisciplíneach)

AGUS

- Léiriú ar an tuiscint ar chastacht leibhéal foriomlán riachtanas/riachtanais an linbh arna léiriú sna tuarascálacha gairmiúla.

AGUS

- I bhfianaise dhéine nó chastacht riachtanais tacaíochta an linbh, is é an rud is oiriúnaí chun freastal ar riachtanais an linbh ar an mbealach is fearr moladh gairmiúil soiléir maidir leis an gcineál socrúcháin oideachais mar aon leis an réasúnaíocht leis sin.

AGUS

- Litir ón CNOS ina ndeimhnítear go bhfuil aithne acu ar an leanbh agus go bhfuil an diagnóis agus an moladh riachtanach ag an leanbh le haghaidh rang speisialta.

<u>Tabhair faoi deara go mbeadh an Ghaeilge i gconaí mar phríomhtheanga teagaisc an Rang Speisialta</u>

Faofa ag an mBord Bainistíochta ar an 17/06/25

Cathaoirleach Bord Bainistíochta

Rúnaí Bord Bainistíochta